BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

30 Eanáir 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Fuinneamh – Margadh inmheánach sa ghás nádúrtha – Treoir 2009/73/CE – Airteagal 3(1) – Oibleagáidí na mBallstát i leith gnóthais gáis nádúrtha – Cosaint tomhaltóirí – Airteagail 40 agus 41 – Cumhachtaí an údaráis rialála – Sárú ag gnóthas gáis nádúrtha ar a dhualgas trédhearcachta i leith custaiméirí – Pionóis a charnadh as an iompar mídhleathach céanna – Airteagal 50 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An ceart nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla mar gheall ar an gcion coiriúil céanna – *Ne bis in idem* – Airteagal 52(1) – Teorainneacha le feidhmiú an chirt bhunúsaigh sin – Prionsabal na comhréireachta)

I gCás C-205/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Tribunalul Bucureşti (Cúirt Réigiúnach Bhúcairist, an Rómáin), trí bhreith an 24 Feabhra 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 28 Márta 2023, sna himeachtaí

Engie România SA

v

Autoritatea Națională de Reglementare în Domeniul Energiei,

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Jürimäe, Uachtarán an Dara Dlísheomra, ag gníomhú mar Uachtarán an Tríú Dlísheomra, K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte, ag gníomhú mar Bhreitheamh den Tríú Dlísheomra, N. Jääskinen, M. Gavalec agus N. Piçarra (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: R. Şereş, Riarthóir,

ag féachaint don chuid i scríbhinn den nós imeachta agus i dtaca le héisteacht an 24 Aibreán 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Engie România SA, ag L. Chiurtu, N.-V. Dinu, R. Iancu, I. Katona agus A. Radu, avocați,

* Teanga an cháis: an Rómáinis.

– Autoritatea Națională de Reglementare în Domeniul Energiei, ag G.-S. Niculescu, A.-M. Riling, C. Vernea agus A. Zorzoană, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Rómáine, ag R. Antonie, E. Gane, R. I. Hațieganu agus A. Rotăreanu, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Gréige, ag K. Boskovits agus C. Kokkosi, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag O. Beynet, L. Nicolae agus T. Scharf, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht leis an Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 11 Iúil 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh seo ar réamhrialú le léiriú Airteagal 3(1) de Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO 2009 L 211, lch. 94), i bhfianaise Airteagail 50 agus 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Engie România SA (‘Engie’), gnóthas gáis nádúrtha, agus an Autoritatea Națională de Reglementare în Domeniul Energiei (an tÚdarás Náisiúnta um Rialáil Fuinnimh, an Rómáin) (‘ANRE’) maidir le tuarascáil, arna tarraingt suas ag ANRE, lena mbunaítear agus lena bpionósaítear cion riaracháin atá curtha i leith Engie.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

An Chairt

3 Foráiltear in Airteagal 50 den Chairt, dar teideal ‘An ceart chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion coiriúil céanna’ mar seo a leanas:

‘Ní dhlífear aon duine a thriail ná a phionósú athuair in imeachtaí coiriúla i ngeall ar chion ar éigiontaíodh nó ar ciontaíodh é nó í go críochnaitheach san Aontas [Eorpach] i ngeall air cheana i gcomhréir leis an dlí.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 52(1) den Chairt, dar teideal ‘Raon feidhme agus léiriú na gceart agus na bprionsabal’:

‘Ní mór foráil le dlí d'aon teorannú ar fheidhmiú na gceart agus na saoirsí arna n-aithint sa Chairt seo agus ní mór inneachar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí sin a urramú. Faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ní fhéadfar teorainneacha a dhéanamh ach amháin má tá gá leo agus má fhreagraíonn

siad iarbhír do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2009/73

5 Foráiltear mar seo a leanas in aithris 48 de Threoir 2009/73:

'Ba cheart leasanna na dtomhaltóirí a bheith i gcroílár na Treorach seo agus ba cheart cáilíocht na seirbhíse a bheith ina príomhfhreagracht ag gnóthais gáis nádúrtha agus hidrigine. Ba cheart cearta tomhaltóirí atá ann cheana a neartú agus a áirithiú, agus ba cheart trédhearcacht níos mó a bheith san áireamh leo. Ba cheart a áirithiú le cosaint tomhaltóirí, i gcomhthéacs an [Aontais Eorpaigh], i gcoitinne, go mbaineann gach tomhaltóir tairbhe as margadh iomaíoch. Ba cheart do na Ballstáit nó, má dhéanann Ballstát foráil amhlaidh, údaráis rialála, a chinntiú go n-urramaítear cearta tomhaltóirí.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 De réir Airteagal 2 den Treoir sin:

'Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

25. ciallaíonn "custaiméir teaghlaigh" custaiméir a cheannaíonn gás nádúrtha dá úsáid teaghlaigh féin;

[...]

27. ciallaíonn "custaiméir deiridh" custaiméir a cheannaíonn gáis dá úsáid féin;

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráladh le hAirteagal 3 den Treoir sin, dar teideal 'Oibleagáidí seirbhíse poiblí agus cosaint tomhaltóirí':

'1. Áiritheoidh na Ballstáit, ar bhonn a n-eagrúcháin institiúidigh agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na coimhdeachta, go bhfeidhmeofar gnóthais gáis nádúrtha agus hidrigine, gan dochar do mhír 2, i gcomhréir le prionsabail na Treorach seo d'fhonn margadh iomaíoch, slán atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bhaint amach i ngáis, agus ní dhéanfaidh siad idirdhealú idir na gnóthais sin maidir lena gcearta ná lena n-oibleagáidí.

2. Ag féachaint go hiomlán d'fhorálacha ábhartha CFAE, go háirithe [Airteagal 106 CFAE] de, féadfaidh na Ballstáit oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur ar ghnóthais gáis nádúrtha agus hidrigine, ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne, ar oibleagáidí iad a d'fhéadfadh a bheith bainteach le slándáil, lena n-áirítear slándáil an tsoláthair, rialtacht, agus cáilíocht soláthairtí, agus cosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite agus cosaint na haeráide. [...]

3. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun na custaiméirí deiridh a chosaint, agus, go háirithe, áiritheoidh siad go mbeidh coimircí leormhaithe ann chun na custaiméirí leochaileacha a chosaint. [...] Áiritheoidh siad ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí, go háirithe maidir le trédhearcacht i dtaobh téarmaí agus coinníollacha conarthacha, faisnéis ghinearálta agus sásraí um réiteach díospóidí. [...] Maidir le custaiméirí teaghlaigh ar a laghad, áireofar sna bearta sin na cinn a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

[…]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 40 den Treoir sin, dar teideal 'Cuspóirí ginearálta an údaráis rialála':

'I ndéanamh na gcúraimí rialála a sonraítear sa Treoir seo, déanfaidh an t-údarás rialála gach beart réasúnta chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach faoi chuimsiú a chuid dualgas agus cumhachtaí mar a leagtar síos in Airteagal 41 iad, i ndlúthchomhar, i gcás inarb iomchuí, le húdaráis náisiúnta ábhartha eile, lena n-áirítear údaráis iomaíochta agus gan dochar dá gcumhachtaí:

[...]

(g) a áirithiú go mbaineann custaiméirí tairbhe as feidhmiú éifeachtach na margaí náisiúnta, iomaíocht éifeachtach a chur chun cinn agus cabhrú le cosaint tomhaltóirí a áirithiú;

[…]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear mar seo a leanas in Airteagal 41(1) agus (4) den Treoir sin, dar teideal 'Dualgais agus cumhachtaí an údaráis rialála':

'1. Beidh na dualgais seo a leanas ar an údarás rialála:

[...]

(i) faireachán a dhéanamh ar leibhéal na trédhearcachta, lena n-áirítear i dtaca le praghsanna mórdhíola, agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh gnóthais gáis nádúrtha agus hidrigine na hoibleagáidí trédhearcachta;

[...]

(o) cabhrú chun a áirithiú, in éineacht leis na húdaráis ábhartha eile, go bhfuil na bearta cosanta tomhaltóirí, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach in Iarscríbhinn I, éifeachtach agus go ndéantar forfheidhmiú orthu;

[...]

4. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar na cumhachtaí d'údaráis rialála lena gcuirfear ar a gcumas na dualgais dá dtagraítear i míreanna 1, 3 agus 6 a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtúil gasta. Chun na críche sin, beidh na cumhachtaí seo a leanas ar a laghad ag an údarás rialála:

(a) cinntí ceangailteacha a eisiúint maidir le gnóthais gáis nádúrtha agus hidrigine;

(b) imscrúduithe a dhéanamh maidir le feidhmiú na margaí leictreachais, agus cinneadh a dhéanamh ar aon bhearta riachtanacha agus comhréireacha chun iomaíocht éifeachtach a chur chun cinn agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh a áirithiú, agus na bearta sin a fhorchur. [...];

[...]

(d) pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur ar ghnóthais leictreachais nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí faoin Treoir seo nó cinntí infheidhme atá ceangailteach ó thaobh an dlí de ón údarás rialála nó ón ngníomhaireacht, nó moladh a dhéanamh go ngearrfaidh cúirt inniúil pionóis den sórt sin. […]

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Luaitear an méid seo a leanas in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo, dar teideal 'Bearta maidir le cosaint tomhaltóirí', i bpointe 1:

'Gan dochar do rialacha an Chomhphobail maidir le cosaint tomhaltóirí [...], ceapfar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 3 chun a áirithiú, maidir le custaiméirí:

[...]

(c) faisnéis thrédhearcach a fháil maidir leis na praghsanna agus na taraifí a ghearrtar, chomh maith leis na coinníollacha ginearálta is infheidhme, maidir le rochtain ar sheirbhísí leictreachais agus úsáid na seirbhísí sin;

[…]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Rómáine

Dlí Uimh. 363/2007

11 Maidir le legea nr. 363/2007 privind combaterea practicilor incorecte ale comercianților în relația cu consumatorii și armonizarea reglementărilor cu legislația europeană privind protecția consumatorilor (Dlí Uimh. 363/2007 maidir le cleachtais tráchtála mhíchuí ar thaobh trádálaithe agus iad ag déileáil le tomhaltóirí agus ag comhchuibhiú rialacháin le reachtaíocht Eorpach maidir le cosaint tomhaltóirí), an 21 Nollaig 2007 (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 899 an 28 Nollaig 2007), trasuitear i ndlí na Rómáine Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí le

tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle agus Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha') (IO 2005 L 149, lch. 22).

Dlí Uimh. 123/2012

12 Faoi Airteagal 143(1)(k) de Legea energiei electrice și a gazelor naturale nr. 123/2012 (Dlí Uimh. 123/2012 maidir le leictreachas agus gás nádúrtha) an 10 Iúil 2012 (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 485 an 16 Iúil 2012), sa leagan is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí:

'Beidh na hoibleagáidí seo a leanas, go háirithe, ar an soláthróir gáis nádúrtha:

[...]

(k) faisnéis thrédhearcach a sholáthar do chustaiméirí deiridh faoi phraghsanna/taraifí, de réir mar is iomchuí, agus faoi na coinníollacha ginearálta maidir le rochtain ar na seirbhísí a chuireann siad ar fáil agus maidir le húsáid na seirbhísí sin.'

13 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 194(24a) den Dlí sin:

'Is sáruithe ar na forálacha lena rialaítear gníomhaíochtaí in earnáil an gháis nádúrtha iad na gníomhartha seo a leanas: […] mainneachtain rannpháirtithe sa mhargadh gáis nádúrtha a n-oibleagáidí faoi Airteagal 143(1), Airteagal 144a agus Airteagal 145(4)(g) a chomhlíonadh.'

14 Faoi Airteagal 195(1)(2)(c) den Dlí sin, tá na cionta riaracháin sin inphionóis le fíneáil idir 20 000 agus 400 000 lei na Romáine (RON) (thart ar EUR 4 000 go 80 000).

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuirtear le haghaidh réamhrialú

15 An 14 Meán Fómhair 2021, trí thuarascáil a aimsiú agus fíneáil a ghearradh as cion riaracháin, chuir an Autoritatea Națională pentru Protecția Consumatorilor (an tÚdarás Náisiúnta um Chosaint Tomhaltóirí, an Rómáin) ('ANPC') cleachtais tráchtála mhíthreoracha agus ionsaitheacha i leith Engie i bhfeidhmiú a ghníomhaíochta eacnamaíche, ar bhonn Dhlí Uimh. 363/2007. Fuair sé amach gur chuir Engie tomhaltóirí ar míthreoir trí fhógra aontaobhach a thabhairt dóibh faoi athrú ar an bpraghas a socraíodh sa tairiscint tosaigh tar éis thréimhse 3 mhí, cé go raibh an praghas sin bailí ar feadh thréimhse 12 mhí.

16 Le cinneadh an lae chéanna, d'ordaigh an t-údarás sin do Engie deireadh a chur leis na cleachtais sin, a ghníomhaíocht a chur ar fionraí go dtí go gcuirfear deireadh leo agus gan praghas an gháis nádúrtha a sholáthraítear do chustaiméirí teaghlaigh a athrú.

17 An 11 Deireadh Fómhair 2021, dhréachtaigh ANRE tuarascáil lenar bunaíodh cion riaracháin agus lenar gearradh pionós ina leith ('tuarascáil ANRE'). Chinn sí gur sháraigh Engie, mar sholáthróir údaraithe gáis nádúrtha, go háirithe, a oibleagáid trédhearcachta, a leagtar síos in Airteagal 143(1)(k) de Dhlí Uimh. 123/2012, lena dtrasuitear Treoir 2009/73 i ndlí na Rómáine, agus lenar forchuireadh sraith fíneálacha riaracháin RON 800 000 (thart ar EUR 160 000) uirthi. Bhí an t-údarás sin den tuairim go raibh neamhrialtachtaí déanta ag Engie, ar thaobh amháin, mai-

dir le hábhar tairiscintí áirithe gáis nádúrtha agus, ar an taobh eile, nár léirigh sé go leordhóthanach an ceart a fhorchoimeád sé chun athrú a dhéanamh ina dhiaidh sin ar phraghas an tsoláthair gáis nádúrtha atá sna conarthaí a tugadh i gcrích lena chustaiméirí.

18 Dá bhrí sin, d'ordaigh ANRE do Engie fógra a thabhairt don 12 custaiméirí deiridh a sainaithníodh i dtuarascáil ANRE go gcoinneofaí an praghas seasta ar ghás nádúrtha a raibh sé tiomanta dó sa réamhthairiscint chonartha, agus na leasuithe a seoladh chuig na custaiméirí sin a neamhniú. Ina theannta sin, d'ordaigh sé do Engie na custaiméirí deiridh go léir a ghlac le tairiscintí caighdeánacha a shainaithint ar phraghas socraithe a bheadh bailí don tréimhse a luaitear sna tairiscintí sin agus cé dó ar seoladh fógraí agus leasuithe ina dhiaidh sin lenar méadaíodh an praghas ar ghás nádúrtha arna sholáthar roimh dheireadh na tréimhse sin, fógra a thabhairt do na custaiméirí sin go gcoinneofaí an praghas seasta ar ghás i gcomhréir leis na tairiscintí sin agus na leasuithe a seoladh amach a neamhniú.

19 Thug Engie caingean os comhair Judecătoria Sectorului 4 București (an Chúirt Chéadchéime Cheantar 4, Búcairist, an Rómáin) i gcoinne thuarascáil ANRE. Diúltaíodh don chaingean sin toisc í a bheith gan bhunús le breithiúnas an 14 Márta 2022.

20 Ansin thaisc Engie achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair an Tribunalul București (an Chúirt Réigiúnach Bhúcairist), an chúirt a rinne an tarchur.

21 Iarrann an chúirt sin, sa chéad áit, an féidir le ANRE a cheangal ar ghnóthas gáis nádúrtha, a mhaíonn sí gur sháraigh sé a dhualgas trédhearcachta i leith tomhaltóirí, praghas a chur i bhfeidhm atá éagsúil leis an bpraghas margaidh arna chinneadh ar bhonn phrionsabal na saoirse chun praghsanna a shocrú, atá, de réir na cúirte sin, soiléir ó Airteagal 3(1) de Threoir 2009/73.

22 Sa dara háit, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, ar thaobh amháin, gur aimsigh ANRE agus ANPC araon an fíoras céanna, gur aicmigh an chéad údarás é mar 'sárú ar dhualgas trédhearcachta' a leagtar síos in Airteagal 143(1), (k) de Dhlí Uimh. 123/2012, agus an dara ceann mar 'chleachtas tráchtála míthreorach agus ionsaitheach maidir le tomhaltóirí', de réir bhrí Dhlí Uimh. 363/2007. Ar an taobh eile, luaitear ann gur fhorchuir ANRE agus ANPC araon ar Engie, trí ghníomhartha ar leithligh, an oibleagáid chéanna deisithe, eadhon filleadh ar an bpraghas a socraíodh leis an 'tairiscint chaighdeánach i mí Aibreáin 2021', a bhí i bhfad níos ísle ná praghas ceannaigh an gháis nádúrtha ar an margadh oscailte.

23 Dá bhrí sin, iarrann an chúirt sin ar an gCúirt Airteagal 50 agus Airteagal 52(1) agus (3) den Chairt a léiriú i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Dhlí Uimh. 363/2007 agus Dhlí Uimh. 123/2012, chun infheidhmeacht an Airteagail 50 sin a shoiléiriú i gcás 'pionós a bheith gearrtha faoi dhó in imeachtaí coiriúla as an gcion coiriúil céanna ar fhorais dhlíthiúla éagsúla'.

24 Sna himthosca sin, chinn an Tribunalul București (an Chúirt Réigiúnach, Búcairist) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) An bhféadfadh sárú líomhnaithe ar an ceanglas trédhearcachta atá ar sholáthróirí gáis nádúrtha i ndáil le tomhaltóirí teaghlaigh, a chuirtear chun feidhme sa reachtaíocht náisiúnta agus a mheastar gur sárú riaracháin (contravenția), faoin reachtaíocht sin, a bheith ina chúis freisin leis an údarás inniúil náisiúnta a cheanglaíonn ar sholáthróir gáis nádúrtha praghas a chur i bhfeidhm ar thomhaltóirí, ar praghas é a fhorchuirtear trí mhodhanna

riaracháin agus nach gcuirtear san áireamh ann prionsabal na saoirse i leith shocrú na bpraghsanna le haghaidh soláthar gáis nádúrtha: a leagtar síos in Airteagal 3(1) de [Threoir 2009/73/CE]?

(2) An féidir a mheas gur teorannú a bhfuil údar leis ar an [ceart chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla mar gheall ar an sárú céanna] a leagtar amach in Airteagal [50] den [Chairt] é an fíoras go ngearrtar pionós ar sholáthróir gáis nádúrtha le dhá thuarascáil ar leith maidir le sárú, ceann amháin arna tharraingt suas ag an údarás cosanta tomhaltóirí agus an ceann eile ag an údarás rialála fuinnimh, a fhorchuireann na bearta céanna air (gníomhartha riaracháin lena bhforchuirtear bearta a dhúbláil) nó an bhfuil sé contrártha leis an [gceart] sin?

An bhfuil meascán gníomhartha den sórt sin arna dtarraingt suas ag údaráis éagsúla lena bhforchuirtear na bearta céanna, ar bhonn na bhfíoras céanna i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta?'

An iarraidh ar an gcuid ó bhéal den nós imeachta a atosú

25 Tar éis Tuairim an Abhcóide Ghinearálta an 11 Iúil 2024 a thabhairt, d'iarr Engie, trí dhoiciméad a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 28 Lúnasa 2024, go n-athosclófaí an chuid ó bhéal den nós imeachta, de bhun Airteagal 83 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, chun argóintí dlíthiúla breise a thíolacadh a bhféadfadh, dar leis, tionchar cinntitheach a bheith acu ar léiriú Airteagal 50 den Chairt, rud a d'fhágfadh gur gá na critéir mheasúnaithe a chumhdaítear sa chásdlí a bhaineann leis an bhforáil sin a cháiliú.

26 Faoi Airteagal 83 dá Rialacha Nós Imeachta, féadfaidh an Chúirt, tráth ar bith, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, a ordú go n-athosclófar an chuid ó bhéal den nós imeachta, go háirithe má mheasann sí nach bhfuil dóthain faisnéise os a comhair, nó i gcás, tar éis clabhsúr a chur leis an gcuid sin den nós imeachta, ina dtíolacfaidh páirtí fíoras nua a mbeidh a chineál ina thoisc chinntitheach ar bhreith na Cúirte nó i gcás ina gcaithfear an cás a chinneadh ar bhonn argóint nár pléadh idir na páirtithe agus na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

27 Sa chás seo, cinneann an Chúirt, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, nach dtagraíonn Engie d'aon fhíoras nua de chineál a d'fhéadfadh a bheith ina thoisc chinntitheach don bhreith a iarrtar ar an gCúirt a thabhairt sa chás seo. Ina theannta sin, measann an Chúirt go bhfuil an fhaisnéis uile is gá aici chun rialú a thabhairt agus nach gá an cás sin a chinneadh ar bhonn argóint nár pléadh os a comhair.

28 Sna himthosca sin, ní gá a ordú go n-athosclófar an nós imeachta ó bhéal.

Na ceisteanna arna dtarchur chun réamhrialú

An chéad cheist

Inghlacthacht

29 Áitíonn ANRE agus Rialtas na Rómáine go bhfuil an chéad cheist do-ghlactha, ar an bhforas go bhfuil sí bunaithe ar mheasúnuithe fíorasacha nach bhfreagraíonn don staid atá i gceist sna príomhimeachtaí. Ní fhorchuirtear praghas sonrach ar sholáthar gáis nádúrtha do chustaiméirí Engie le tuarascáil ANRE, ná ní ghearrtar pionós ar Engie mar gheall ar an bpraghas a ghearrtar. Ní ordaíonn sé ach don iarratasóir an praghas soláthair gáis a gearradh roimh an sárú líomhnaithe ar an dualgas trédhearcachta i leith a chustaiméirí a athbhunú.

30 I gcomhthéacs an nós imeachta um réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, bunaithe ar dheighilt shoiléir feidhmeanna idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, is ag an gcúirt náisiúnta amháin atá an dlínse fíorais na díospóide sna príomhimeachtaí a aimsiú agus a mheas. Tá sé de chumhacht ag an gCúirt rialú a thabhairt ar léiriú nó bailíocht dhlí an Aontais sa chomhthéacs fíorasach agus dlíthiúil a ndearna an chúirt a rinne an tarchur cur síos air, d'fhonn treoir den sórt sin a thabhairt don chúirt sin a gcuideoidh léi an díospóid atá os a comhair a réiteach. Dá bhrí sin, ní faoin gCúirt atá sé amhras a chaitheamh ar na cinntí fíorais ar a bhfuil an iarraidh ar réamhrialú bunaithe (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Nollaig 2017, *Schweppes*, C-291/16, EU:C:2017:990, míreanna 21 agus 22).

31 Ina theannta sin, baineann toimhde ábharthachta le ceisteanna a tharchuirtear chun réamhrialú maidir le dlí an Aontais. Ní féidir leis an gCúirt diúltú rialú a thabhairt maidir le ceist arna tarchur ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais Eorpaigh le fíorais iarbhír nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, gur fadhb de chineál hipitéiseach í nó nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Coty Germany*, C-567/18, EU:C:2020:267, mír 24 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Mar sin féin, ní hamhlaidh atá sa chás seo. Is léir ón iarraidh ar réamhrialú go bhfuil baint dhíreach ag forálacha Threoir 2009/73, a n-iarrtar léiriú uirthi, leis an díospóid sna príomhimeachtaí, a bhaineann le bearta arna bhforchur ag údarás rialála náisiúnta ar ghnóthas gáis nádúrtha, de bhun na reachtaíochta náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir sin i ndlí na Rómáine. Thairis sin, tá faisnéis leordhóthanach san iarraidh sin don Chúirt chun impleachtaí na chéad cheiste a chinneadh agus chun freagra úsáideach a thabhairt uirthi.

33 Dá bhrí sin, tá an chéad cheist inghlactha.

Substaint an cháis

34 Lena céad cheist, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 3(1) agus (3) de Threoir 2009/73 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar údarás rialála fuinnimh náisiúnta, i gcás ina gcinneann sí gur mhainnigh soláthróir gáis nádúrtha a dhualgas trédhearcachta a

chomhlíonadh maidir lena chustaiméirí, nuair a dhéantar an praghas ar sholáthar an táirge sin a choigeartú, cheangal a chur ar an soláthróir sin an praghas a socraíodh sna conarthaí a tugadh i gcrích ar dtús leis na custaiméirí sin a choinneáil.

35 Faoi Airteagal 3(1) de Threoir 2009/73, áiritheoidh na Ballstáit, ar bhonn a n-eagrúcháin institiúidigh agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na coimhdeachta, go bhfeidhmeofar gnóthais gáis nádúrtha i gcomhréir le prionsabail na Treorach seo d'fhonn margadh gáis nádúrtha iomaíoch, slán agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bhaint amach, agus ní dhéanfaidh siad idirdhealú idir na gnóthais sin maidir lena gcearta ná lena n-oibleagáidí.

36 Cé nach leanann sé go sainráite ó aon fhoráil de Threoir 2009/73 nach mór praghas an tsoláthair gáis nádúrtha a shocrú trí sholáthar agus éileamh a dhéanamh, eascraíonn an ceanglas sin as cuspóir agus scéim ghinearálta na Treorach, arb é is aidhm di margadh inmheánach sa ghás nádúrtha a bhaint amach atá oscailte agus iomaíoch go hiomlán agus go héifeachtúil agus inar féidir le gach tomhaltóir a soláthraithe a roghnú go saor agus inar féidir le gach soláthróir a gcuid táirgí a sholáthar dá gcustaiméirí gan bhac (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2016, *ANODE*, C-121/15, EU:C:2016:637, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Mar sin féin, le hAirteagal 3(2) den Treoir sin, ceadaítear do na Ballstáit 'oibleagáidí seirbhíse poiblí' a fhorchur ar ghnóthais a oibríonn in earnáil an gháis, oibleagáidí a d'fhéadfadh baint a bheith acu, go háirithe, le 'praghas soláthairtí'. Ní mór bearta den sórt sin a ghlacadh ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch ginearálta agus ní mór iad a bheith sainithe go soiléir, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus infhíoraithe, chun comhionannas rochtana ar thomhaltóirí náisiúnta a áirithiú do ghnóthais gáis an Aontais, ag 'féachaint go hiomlán' d'fhorálacha ábhartha CFAE agus, go háirithe, ar Airteagal 106 den Chonradh sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 20 Aibreán 2010, *Federutility agus páirtithe eile*, C-265/08, EU:C:2010:205, míreanna 21 agus 22).

38 Ina theannta sin, ceanglaítear le hAirteagal 3(3) de Threoir 2009/73 ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun custaiméirí deiridh a chosaint, de réir bhrí Airteagal 2(27) den Treoir sin, agus chun ardleibhéil cosanta do thomhaltóirí a áirithiú, go háirithe maidir le trédhearcacht i ndáil le téarmaí agus coinníollacha conarthacha agus faisnéis ghinearálta. Maidir le custaiméirí teaghlaigh, ar a laghad, de réir bhrí Airteagal 2(25) den Treoir sin, ní mór na bearta a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin a áireamh sna bearta sin.

39 Faoi mhír 1(c) den Iarscríbhinn sin, ní mór a áirithiú leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir 2009/73 go bhfaighidh custaiméirí faisnéis thrédhearcach maidir le praghsanna agus taraifí is infheidhme agus maidir le téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha, i ndáil le rochtain ar sheirbhísí gáis agus úsáid na seirbhísí sin, chun a chur ar a gcumas, go háirithe, an ceart tarraingt siar as an gconradh a fheidhmiú nó agóid a dhéanamh i gcoinne an athraithe ar phraghas an tsoláthair (féach, de réir analaí, breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Stadtwerke Neuwied*, C-765/18, EU:C:2020:270, mír 29).

40 Chuige sin, i gcomhréir le hAirteagal 41(1)(i) agus (o) de Threoir 2009/73, cuirtear de chúram ar an údarás rialála náisiúnta comhlíonadh oibleagáidí trédhearcachta ag gnóthais leictreachais a chinntiú agus cabhrú, i gcomhar le húdaráis inniúla eile, le héifeachtacht agus cur i bhfeidhm beart cosanta tomhaltóirí, lena n-áirítear iad siúd atá leagtha amach in Iarscríbhinn I den Treoir sin, a áirithiú.

41 Ina theannta sin, is léir ó Airteagal 40(g) de Threoir 2009/73 go gceanglaítear ar an údarás rialála náisiúnta, faoi chuimsiú a dhualgas agus a chumhachtaí mar a shainmhínítear iad in Airteagal 41 den Treoir sin, gach beart réasúnach a dhéanamh chun a áirithiú go mbainfidh custaiméirí tairbhe as feidhmiú éifeachtúil a margaidh náisiúnta agus go gcuideoidh siad le cosaint tomhaltóirí a áirithiú, a bhfuil a leithéid ag croílár na Treorach sin, mar a luaitear in aithris 48 di.

42 Ar deireadh, leanann sé ó Airteagal 41(4) de Threoir 2009/73 nach mór do na húdaráis rialála a bheith in ann, go háirithe, cinntí ceangailteacha a eisiúint ar ghnóthais gáis nádúrtha (mír (a)), imscrúduithe a dhéanamh ar fheidhmiú na margaí gáis, cinneadh a dhéanamh ar aon bhearta riachtanacha agus comhréireacha agus iad a fhorchur chun iomaíocht éifeachtach a chur chun cinn agus chun feidhmiú cuí an mhargaidh a áirithiú (mír (b)), agus pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a fhorchur ar ghnóthais gáis nádúrtha nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí faoin Treoir sin (mír (d)).

43 Sa chás seo, is léir ón iarraidh ar réamhrialú gur chinn ANRE gur sháraigh Engie a dhualgas trédhearcachta, dá dtagraítear in Airteagal 143(1)(k) de Dhlí Uimh. 123/2012, ar an bhforas nár chuir an chuideachta sin a custaiméirí ar an eolas go leordhóthanach faoin gcumhacht a fhorchoimeád sí di féin chun an praghas don soláthar gáis nádúrtha a leagtar amach sna conarthaí a tugadh i gcrích leis na custaiméirí sin a choigeartú, ar bhonn 'tairiscint chaighdeánach', le linn na tréimhse tosaigh 12 mhí. Dá bhrí sin, d'fhorchuir ANRE, ar thaobh amháin, fíneáil ar Engie agus, ar an taobh eile, chuir sé d'oibleagáid air, mar leigheas, filleadh ar an bpraghas a socraíodh i mí Aibreáin 2021 faoin gconradh tosaigh.

44 Ní mór a thabhairt faoi deara go dtagann bearta den sórt sin, a dtagann a rogha, mar is léir ó mhíreanna 35 agus 42 den bhreithiúnas seo, faoi rogha na mBallstát, faoi fheidhmiú na sainchumas a thugtar do na húdaráis rialála náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagail 40 agus 41 de Threoir 2009/73, atá beartaithe chun trédhearcacht théarmaí agus choinníollacha na gconarthaí tomhaltóra a áirithiú. Dá réir sin, is é is aidhm do na bearta sin éifeachtacht na cosanta tomhaltóirí a áirithiú.

45 Thairis sin, an beart a bhaineann le hathbhunú an phraghais a socraíodh sa chonradh soláthair tosaigh, níl sé de chineál a sháródh an ceanglas, dá dtagraítear i mír 36 thuas, go socrófar an praghas ar sholáthar gáis nádúrtha trí sholáthar agus éileamh. Leis an mbeart sin, níor fheidhmigh an t-údarás rialála náisiúnta a chumhachtaí chun praghas a shocrú i gconarthaí soláthair gáis, ach chuir sé d'oibleagáid ar an soláthróir praghas a comhaontaíodh idir an soláthróir agus an custaiméir lena mbaineann a thabhairt ar ais sna conarthaí sin.

46 Lena céad cheist, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 3(1) agus (3) de Threoir 2009/73 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar údarás náisiúnta rialála fuinnimh, i gcás ina gcinneann sí gur mhainnigh soláthróir gáis nádúrtha a dhualgas trédhearcachta a chomhlíonadh maidir lena chustaiméirí, nuair a dhéantar an praghas ar sholáthar an táirge sin a choigeartú, ó cheangal a chur ar an soláthróir sin an praghas a socraíodh sna conarthaí a tugadh i gcrích ar dtús leis na custaiméirí sin a choinneáil.

An dara ceist

47 Lena dara ceist, iarrann an chúirt náisiúnta, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 50 den Chairt, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 52(1) di, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar sholáthróir gáis nádúrtha a bheith faoi réir, ar bhonn dlíthe náisiúnta éagsúla lena dtrasuitear, faoi seach, Treoir 2009/73 agus Treoir 2005/29, dhá fhíneáil i leith fíorais chomhionanna.

48 De bhun Airteagal 50 den Chairt ‘ní dhlífear aon duine a thriail ná a phionósú athuair in imeachtaí coiriúla i ngeall ar chion ar éigiontaíodh nó ar ciontaíodh é nó í go críochnaitheach san Aontas i ngeall air cheana i gcomhréir leis an dlí’. Leis an gceart bunúsach sin, ar léiriú é ar an bprionsabal *ne bis in idem*, cuirtear toirmeasc ar dhúbláil imeachtaí agus pionós de chineál coiriúil i leith na ngníomhartha céanna agus i gcoinne an duine chéanna (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Márta 2018, *Menci*, C-524/15, EU:C:2018:197, mír 25, agus an 22 Márta 2022, *bpost*, C-117/20, EU:C:2022:202, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear).

49 Sa chéad áit, níl Airteagal 50 den Chairt teoranta d’imeachtaí agus do phionóis a aicmítear mar ‘choiriúil’ leis an dlí náisiúnta, ach baineann sé – beag beann ar aicmiú den sórt sin sa dlí náisiúnta – le himeachtaí agus pionóis nach mór a mheas mar imeachtaí agus pionóis de chineál coiriúil mar gheall ar chineál intreach an chiona nó déine an phionóis a d’fhéadfadh an duine lena mbaineann a thabhú (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Márta 2022, *bpost*, C-117/20, EU:C:2022:202, míreanna 25 agus 26 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ní mór an leibhéal déine sin a mheas faoi threoir an phionóis uasta dá bhforáiltear leis na forálacha ábhartha (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2023, *Volkswagen Group Italia agus Volkswagen Aktiengesellschaft*, C-27/22, EU:C:2023:663, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

50 Is éard atá i gceist leis an gcritéar maidir le cineál intreach an chiona, a fháil amach an bhfuil cuspóir pionósach, go háirithe, ag an bpionós atá i gceist, gan aird a thabhairt ar chuspóir díspreagthach a bheith á shaothrú aige freisin. Is de chineál na bpionós coiriúil é go bhféachann siad le hiompar neamhdhleathach a phionósú agus a dhíspreagadh. Os a choinne sin, ní de chineál coiriúil iad na bearta nach ndéanann ach an damáiste a rinne an cion atá i gceist a leigheas (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2023, *Volkswagen Group Italia agus Volkswagen Aktiengesellschaft*, C-27/22, EU:C:2023:663, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).

51 Sa chás seo, i measc na mbeart dá dtagraítear i míreanna 16 agus 43 den bhreithiúnas seo, dealraíonn sé, ar thaobh amháin, gurb ionann an beart ceartaitheach lena gceanglaítear ar an soláthróir filleadh ar an bpraghas a socraíodh i mí Aibreáin 2021 faoin gconradh tosaigh agus beart atá, *a priori*, teoranta don damáiste a rinneadh de dheasca an tsáraithe atá i gceist a shlánú, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú, áfach.

52 Ar an taobh eile, maidir leis na pionóis airgeadais arna bhforchur ar Engie ag ANPC agus ANRE, is léir ón iarraidh ar réamhrialú, de bhun Airteagal 194(24a) agus Airteagal 195(1)(2)(c) de Dhlí Uimh. 123/2012, go bhfuil sárú ar dhualgas na trédhearcachta dá bhforáiltear in Airteagal 143(1)(k) den Dlí sin inphionóis le fíneáil idir RON 20 000 agus RON 400 000. Ar an mbonn sin agus i bhfianaise na gcionta riaracháin éagsúla a bhfuil Engie cúisithe ina leith, d’ordaigh ANRE do Engie fíneáil iomlán RON 800 000 (thart ar EUR 160 000) a íoc. Ina theannta sin, dúirt Rialtas na Rómáine agus Engie, ina mbarúlacha i scríbhinn faoi seach, gur ordaigh ANPC do Engie fíneáil RON 150 000 (thart ar EUR 30 000) a íoc.

53 Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé a fháil amach, agus an fhaisnéis uile atá ar fáil di agus na huasmhéideanna dá bhforáiltear sna forálacha náisiúnta ábhartha arna gcur i bhfeidhm maidir le Engie ag ANPC agus ANRE á gcur san áireamh, an bhfuil na pionóis sin dian go leor chun iad a aicmiú mar ‘phionóis de chineál coiriúil.’

54 Sa dara háit, tá cur i bhfeidhm Airteagal 50 den Chairt faoi réir coinníoll dúbailte, eadhon, ar thaobh amháin, nach mór cinneadh críochnaitheach a bheith ann roimh ré (an coinníoll '*bis*') agus, ar an taobh eile, go mbaineann an cinneadh sin leis na fíorais chéanna is ábhar do na himeachtaí nó do na cinntí ina dhiaidh sin (an coinníoll '*idem*') (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Márta 2022, *bpost*, C-117/20, EU:C:2022:202, mír 28).

55 Maidir leis an gcoinníoll '*bis*', chun go bhféadfar a mheas gur thug cinneadh breithiúnach rialú críochnaitheach ar na fíorais atá faoi réir an dara sraith imeachtaí, ní mór an cinneadh sin a bheith críochnaitheach, ní hamháin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ach ní mór é a bheith déanta freisin tar éis tuillteanais an cháis a chinneadh (breithiúnas an 22 Márta 2022, *bpost*, C-117/20, EU:C:2022:202, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear). I gcás inarb ann do chinneadh den sórt sin, cuirtear cosc le hAirteagal 50 den Chairt ar imeachtaí coiriúla a thionscnamh nó a choinneáil ar bun maidir leis na fíorais chéanna (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2023, *Volkswagen Group Italia agus Volkswagen Aktiengesellschaft*, C-27/22, EU:C:2023:663, mír 59).

56 Sa chás seo, tá faisnéis sa chomhad os comhair na Cúirte a léiríonn go ndearnadh agóid i gcoinne an phionóis a d'fhorchuir ANPC ar Engie os comhair chúirteanna na Rómáine agus gur neamhníodh go cinntitheach é mar gheall ar easpa dlínse an údaráis sin. Dá seasfadh an chúirt náisiúnta leis an bhfaisnéis sin, ní chomhlíonfaí an coinníoll '*bis*', a scrúdaíodh sa mhír roimhe seo.

57 Os a choinne sin, dá gcinnfeadh an chúirt náisiúnta go gcomhlíontar an coinníoll '*bis*' sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara, maidir leis an gcoinníoll '*idem*', go leanann sé ó fhoclaíocht Airteagal 50 den Chairt go dtoirmeasctar leis an bhforáil sin an duine céanna a thriail nó a phionósú níos mó ná uair amháin in imeachtaí coiriúla as an gcion céanna. Is é an critéar ábhartha chun na críche sin céannacht na bhfíoras ábhartha, a thuigtear mar thacar imthosca nithiúla a bheith ann a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile agus ar éigiontaíodh nó ar ciontaíodh an duine lena mbaineann go críochnaitheach dá mbarr. Thairis sin, níl aicmiú dlíthiúil na bhfíoras agus an leasa dhlíthiúil faoi chosaint faoin dlí náisiúnta ábhartha chun a shuíomh gurb ann don chion céanna, a mhéid nach féidir raon feidhme na cosanta a thugtar le hAirteagal 50 den Chairt a bheith éagsúil ó Bhallstát go Ballstát (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Márta 2022, *bpost*, C-117/20, EU:C:2022:202, míreanna 31, 33 agus 34).

58 Ós rud é go gceanglaítear leis an gcoinníoll '*idem*' go mbeidh na fíorais ábhartha comhionann, níl sé beartaithe Airteagal 50 den Chairt a chur i bhfeidhm i gcás nach bhfuil sna fíorais atá i gceist ach fíorais chomhchosúla. Go deimhin, tuigtear céannacht na bhfíoras ábhartha mar thacar imthosca nithiúla a eascraíonn as imeachtaí arb ionann iad, go bunúsach, a mhéid a luaitear an déantóir céanna ina leith agus go bhfuil dlúthbhaint acu lena chéile ó thaobh ama agus spáis de (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Márta 2022, *bpost*, C-117/20, EU:C:2022:202, míreanna 36 agus 37).

59 Sa chás seo, mar is léir ó mhír 22 den bhreithiúnas seo, measann an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, tar éis na nósanna imeachta riaracháin faoi seach, gur bhunaigh ANRE agus ANPC araon na fíorais chéanna, tar éis don chéad údarás iad a aicmiú mar shárú ar dhualgas na trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 143(1)(k) de Dhlí Uimh. 123/2012, agus an dara húdarás mar 'chleachtas tráchtála míthreorach agus ionsaitheach maidir le tomhaltóirí', de réir bhrí Dhlí Uimh. 363/2007.

60 Sa tríú háit, féadfar údar cuí a thabhairt le teorannú ar fheidhmiú an chirt bhunúsaigh chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion coiriúil céanna, a ráthaítear in Airteagal 50 den Chairt agus, dá bhrí sin, le dúbláil imeachtaí coiriúla nó

pionós coiriúil ar bhonn Airteagal 52(1) den Chairt. I gcomhréir leis an gcéad abairt den mhír sin, ní mór foráil le dlí d'aon teorannú ar fheidhmiú na gceart agus na saoirsí arna n-aithint sa Chairt agus ní mór inneachar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí sin a urramú. De réir an dara habairt den mhír sin, faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ní fhéadfar teorainneacha a chur leis na cearta agus na saoirsí sin ach amháin má tá gá leo agus má fhreagraíonn siad iarbhír do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

61 Ar an gcéad dul síos, maidir le bunbhrí an chirt bhunúsaigh a ráthaítear in Airteagal 50 den Chairt a urramú, urramaítear an t-ábhar sin, i bprionsabal, i gcás nach bhforáiltear leis an dlí náisiúnta ach go bhféadfaí imeachtaí agus pionóis a charnadh faoi reachtaíocht éagsúil (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Márta 2022, *bpost*, C-117/20, EU:C:2022:202, mír 43). Is amhlaidh atá sa chás seo, ós rud é gur glacadh na pionóis a forchuireadh ar Engie ar bhonn reachtaíocht náisiúnta éagsúil lena dtrasuitear Treoir 2009/73 agus Treoir 2005/29 faoi seach.

62 Ar an dara dul síos, maidir le prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh, ba cheart a thabhairt faoi deara go gceanglaítear leis nach rachaidh carnadh na n-imeachtaí agus na bpionós dá bhforáiltear sa reachtaíocht náisiúnta thar a bhfuil iomchuí agus riachtanach chun na cuspóirí atá á saothrú go dlisteanach leis an reachtaíocht sin a bhaint amach. I gcás ina gcaithfear roghnú idir roinnt mhaith beart iomchuí, ní foláir dul ar iontaoibh an bhirt lena mbaineann an t-ualach is éadroime, agus ní foláir nach mbeidh na míbhuntáistí a eascróidh as sin díréireach maidir leis na spriocanna atá á saothrú (breithiúnas an 20 Márta 2018, *Menci*, C-524/15, EU:C:2018:197, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

63 Féadfar údar a thabhairt le carnadh pionós, áfach, i gcás ina saothraíonn na himeachtaí arna dtionscnamh ag dhá údarás éagsúla aidhmeanna comhlántacha a bhaineann le gnéithe éagsúla den iompar neamhdhleathach céanna. Ní mór a chur in iúl gur féidir le húdaráis phoiblí freagairtí dlíthiúla comhlántacha ar iompar áirithe atá díobhálach don tsochaí a roghnú go dlisteanach trí nósanna imeachta éagsúla ina n-iomláine comhleanúnach chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe éagsúla den fhadhb shóisialta lena mbaineann, ar choinníoll nach ionann na freagairtí dlíthiúla carntha agus ualach iomarcach ar an duine aonair lena mbaineann (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Márta 2022, *bpost*, C-117/20, EU:C:2022:202, míreanna 49 agus 50).

64 Mar a mheabhraítear i míreanna 38 go 41 den bhreithiúnas seo, tá na bearta a bhaineann le trédhearcacht théarmaí agus choinníollacha na gconarthaí tomhaltóirí a fhéadfaidh na húdaráis rialála náisiúnta a ghlacadh, i gcomhréir le Treoir 2009/73, beartaithe chun éifeachtacht na cosanta tomhaltóirí a áirithiú. Dá bhrí sin, mar a tugadh faoi deara i mír 36 den bhreithiúnas seo, áirithítear leis na bearta sin go mbainfear amach margadh inmheánach sa ghás nádúrtha atá oscailte agus iomaíoch go hiomlán agus go héifeachtach, inar féidir leis na tomhaltóirí uile, go háirithe, a soláthróirí a roghnú gan bhac mar thoradh ar an trédhearcacht sin.

65 Mar sin féin, is léir ó mhír 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin go bhfuil na bearta sin gan dochar do rialacha an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí. Dá bhrí sin, is féidir le Ballstát pionós a ghearradh ar sháruithe, ar thaobh amháin, ar rialacha earnála atá beartaithe chun an margadh gáis nádúrtha a léirscaoileadh agus, ar an taobh eile, ar na rialacha maidir le cleachtais tráchtála éagóracha, dá dtagraítear i dTreoir 2005/29, chun ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a áirithiú san earnáil sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Márta 2022, *bpost*, C-117/20, EU:C:2022:202, mír 47).

66 Chun an fíor-riachtanas atá le carnadh imeachtaí agus pionós den sórt sin a chinneadh, is gá a mheas an bhfuil rialacha soiléire agus beachta ann lena bhféadfar a thuar cé na gníomhartha nó na neamhghníomhartha a d'fhéadfadh a bheith faoi réir carnadh imeachtaí agus pionós, agus a thuar freisin go mbeidh comhordú idir na húdaráis éagsúla, an ndearnadh an dá shraith imeachtaí ar bhealach atá comhordaithe go leordhóthanach agus laistigh de thréimhse ama réasúnta agus ar cuireadh aon phionós a d'fhéadfadh a bheith forchurtha sna himeachtaí a forchuireadh den chéad uair san áireamh agus an dara pionós á mheasúnú, rud a chiallaíonn go bhfuil an t-ualach a eascraíonn as sin, don duine aonair lena mbaineann, teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach agus go bhfreagraíonn na pionóis fhoriomlána a fhorchuirtear do thromchúis na bpionós a rinneadh (breithiúnas an 22 Márta 2022, *bpost*, C-117/20, EU:C:2022:202, mír 51).

67 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 49 dá Thuairim, ní rud neamhghnách é go mbeadh ar chuideachta atá gníomhach ar an margadh le haghaidh fuinneamh a ghiniúint nó a dháileadh roinnt rialacha earnála a chomhlíonadh lena saothraítear cuspóirí éagsúla nó comhlántacha agus d'fhéadfadh sé, in imthosca áirithe, go ngearrfaí pionóis éagsúla uirthi as an iompar céanna, ar bhonn na rialacha earnála sin.

68 Sa chás seo, tá fianaise sa chomhad os comhair na Cúirte go bhfuil dlúthnasc ama idir an dá shraith d'imeachtaí riaracháin atá i gceist sna príomhimeachtaí agus na cinntí a glacadh ag deireadh na n-imeachtaí sin, ceann amháin faoi rialacha na hearnála fuinnimh agus an ceann eile faoi rialacha cosanta tomhaltóirí, chomh maith le comhar agus malartú faisnéise idir na húdaráis lena mbaineann, ar faoin gcúirt náisiúnta atá sé, áfach, a chinneadh.

69 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an dara ceist ná nach mór Airteagal 50 den Chairt, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 52(1) di, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar sholáthróir gáis nádúrtha a bheith faoi réir, ar bhonn dlíthe náisiúnta éagsúla lena dtrasuitear, faoi seach, Treoir 2009/73 agus Treoir 2005/29, dhá fhíneáil nach mór a aicmiú mar 'phionóis choiriúla i leith fíorais chomhionanna', ar choinníoll:

– go bhfuil rialacha soiléire agus beachta ann chun foráil a dhéanamh maidir leis na gníomhartha agus na neamhghníomhartha a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar do charnadh imeachtaí agus pionós, chomh maith leis an gcomhordú idir an dá údarás inniúla a áirithiú;

– go ndearnadh an dá shraith imeachtaí lena mbaineann ar bhealach atá comhordaithe go leor agus laistigh de thréimhse gearr ama; agus

– go bhfreagraíonn na pionóis uile a fhorchuirtear do thromchúis na sáruithe.

Costais

70 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuirtear cosc leo ar údarás náisiúnta rialála fuinnimh, i gcás ina gcinneann sí gur mhainnigh soláthróir gáis nádúrtha a dhualgas trédhearcachta a chomhlíonadh maidir lena chustaiméirí, nuair a dhéantar an praghas ar sholáthar an táirge sin a choigeartú, ceangal a chur ar an soláthróir sin an praghas a socraíodh sna conarthaí a tugadh i gcrích ar dtús leis na custaiméirí sin a choinneáil.

2. **Maidir le hAirteagal 50 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 52(1) di,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuirtear cosc leo ar sholáthróir gáis nádúrtha a bheith faoi réir dhá phionós nach mór a aicmiú mar 'phionóis choiriúla as fíorais chomhionanna', ar bhonn dlíthe náisiúnta éagsúla lena dtrasuitear, faoi seach, Treoir 2009/73 agus Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoracha 97/7/CE, 98/27/CE agus 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha'), ar choinníoll:

   – **go bhfuil rialacha soiléire agus beachta ann chun foráil a dhéanamh maidir leis na gníomhartha agus na neamhghníomhartha a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar do charnadh imeachtaí agus pionós, chomh maith leis an gcomhordú idir an dá údarás inniúla a áirithiú;**

   – **go ndearnadh an dá shraith imeachtaí lena mbaineann ar bhealach atá comhordaithe go leor agus laistigh de thréimhse gearr ama, agus**

   – **go bhfreagraíonn na pionóis uile a forchuireadh do thromchúis na sáruithe.**

Sínithe